

# Polasaí Gaeilge an Chomhaontais Ghlais

## 1. RÉAMHRÁ: An Ghaeilge agus prionsabail an Chomhaontais Ghlais

Tagann cosaint na Gaeilge le bunphrionsabail an Chomhaontais Ghlais. Creidimid go bhfuil sé den riachtanas acmhainní a chaomhnú ionas go mbeidh an tsochaí ina mairimid inmharthanach amach anseo. Is acmhainn thábhachtach chultúrtha do phobal na hÉireann í an Ghaeilge, ach is acmhainn leochaileach, leonta í ar ghá í a chosaint. Is sinne caomhnóirí an domhain, agus is gá dúinn a chuid acmhainní go léir, acmhainní cultúrtha agus teanga san áireamh, a chur ar aghaidh go slán agus go folláin chuig na glúine atá le teacht.

Áiríonn na teangeolaithe go bhfuil idir 6,000 agus 7,000 teanga ar domhan, ach go bhfuil nócha faoin gcéad acu i mbaol a mbasctha faoi dheireadh na haoise seo. Tá 50 faoin gcéad de theangacha an domhain díbheo, rud a chiallaíonn nach bhfuil daoine óga á labhairt níos mó. Cé go bhfuil 200 teanga bhundúchasach i Meiriceá Thuaidh, tá a bhformhór i mbaol an bháis. Is tubaiste chultúrtha agus féiniúlachta é seo atá ag tarlú i ngan fhios do chuid mhór den phobal. Meastar go bhfuil teanga amháin ar an meán ag éag in aghaidh na coicise. Ní fios go fóill an mbeidh an Ghaeilge i measc na dteangacha sin a chaillfear. Cé go maíonn 1.77 milliún duine sa Phoblacht, nó 41.4 faoin gcéad, go bhfuil siad ina gcainteoirí Gaeilge, agus go n-úsáideann 12.2 faoin gcéad acu í go laethúil laistigh den chóras oideachais, ní úsáideann ach 77,185 duine, nó 1.8 faoin gcéad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais agus níl ach duine as triúr acu sin ina chónaí sa Ghaeltacht (Daonáireamh 2011). Tá an Ghaeilge ag cúlú go tapa mar theanga an phobail sa Ghaeltacht agus is minic í á lua ag saineolaithe idirnáisiúnta ar mheath teangacha.

Ní féidir le Glasaigh neamhshuim a dhéanamh den slad seo ar acmhainní cultúrtha an domhain. Ó bunaíodh an Comhaontas Glas, tugadh aird ar leith ar thábhacht na Gaeilge mar chuid d'acmhainní cultúrtha na hÉireann. Bunaithe ar phrionsabail na héiceolaíochta agus an pholasaí teanga, is mian leis an gComhaontas Glas aghaidh a thabhairt ar an gceist seo. Tugtar anseo thíos cur síos cuimsitheach ar na bearta a mholann an páirtí chun dul i ngleic le ceist na Gaeilge.

## 2. An Ghaeilge agus an Stát

Toisc gur páirtí uile-oileánda é an Comhaontas Glas, tá dhá stát agus dhá pholasaí oifigiúla teanga i gceist. De bharr na staire, tá difríocht mhór idir an polasaí Gaeilge a bhí ag stát na hÉireann agus stát na Breataine go dtí seo agus is é is dóichí ná go mairfidh an difríocht tamall eile, in ainneoin na n-athruithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann. Go stairiúil, thacaigh an stát ó dheas le cur chun cinn na Gaeilge go hoifigiúil (cé nárbh ionann an dearcadh oifigiúil agus an gníomh) ach bhí an stát ó thuaidh doicheallach go dtí le fiordhéanaí.

### *a. Straitéis náisiúnta agus áitiúil don Ghaeilge:*

- Tacaíonn an Comhaontas Glas le cur i bhfeidhm comhtháite comhordaithe na Straitéise Náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge, próiseas atá easnamhach go maith i láthair na huair. Tá an Straitéis seo bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta ar phleanáil agus ar pholasaí teanga agus chuir an Comhaontas Glas le forbairt na Straitéise seo. Creidimid gur plan ríthábhachtach í a dhéanfaidh fíormhaitheas do sheasamh na teanga má chuirtear i bhfeidhm i gceart í.
- Ionas a chinntiú go mbeidh straitéisí náisiúnta agus áitiúla Gaeilge á n-athnuachan amach anseo, iarrann an Comhaontas Glas go gcuirfead bonn reachtúil faoin bpróiseas (mar atá in Albain agus sa Bhreatain Bheag) agus go leagfar cúram ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta straitéisí náisiúnta, Gaeltachta agus áitiúla (Iasmuigh den Ghaeltacht) a ullmhú agus a fheidhmiú feasta.

### *b. Reachtaíocht teanga:*

- Is mian leis an gComhaontas Glas go gcuirfead go cuimsitheach le líon agus le caighdeán na seirbhísí Gaeilge a chuireann an Stát ar fáil do dhaoine ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Dá bhrí sin, tacaíonn an páirtí go láidir le feidhmiú iomlán Acht na dTeangacha Oifigiúla sa Phoblacht agus leis an bhfeachtas ar son Acht Teanga don Ghaeilge sa Tuaisceart, rud a gealladh i gComhaontú Chill Rímhinn in 2006. Creidimid gur chóir go ndéanfaidh athbhreithniú ar bith ar Acht na dTeangacha Oifigiúla cearta agus seirbhísí Gaeilge a neartú seachas iad a mhaolú agus a laghdú, agus a chinntiú go gcuirfead iad ar fáil gan cheist gan choinníoll. Creidimid chomh maith gur chóir go bhfanfaidh an Coimisinéir Teanga mar oifig neamhspleách ar mhaithe lena éifeachtacht a chinntiú.

- Tacaíonn an Comhaontas Glas leis an gcur chuige Ceanadach i leith soláthar seirbhísí dátheangacha, is é sin, ‘an tairiscint ghníomhach’. Faoin gcur chuige sin, poiblíonn eagraíochtaí stáit agus ranna rialtais a gcuid seirbhísí dátheangacha go leanúnach, ionas go dtuigfeadh pobal na mionteanga go bhfuil siad ar fáil gan stró. Ní dhéantar a leithéid faoi láthair, rud a lagaíonn éifeacht Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Ionas ceannaireacht láidir pholaitiúil a chinntiú don reachtaíocht, molann an páirtí go mbunófar Aonad na Gaeilge i Roinn an Taoisigh chun an chinntiú go gcuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm i ngach cuid den rialtas sa Phoblacht.
- I bhfianaise líon mór na mbotún sa Ghaeilge ar chomharthaíocht phoiblí (go háirithe comharthaí bóthair) ar fud na tíre, iarrann an Comhaontas Glas go dtabharfaí cumhacht bhreise don Choimisinéir Teanga le cinntiú gur Gaeilge chruinn cheart a bheidh ar na comharthaí ar fad.
- Is féidir seirbhísí poiblí Gaeilge a sholáthar ar dhá phríomhbhealach: (a) trí cháipéisí oifigiúla srl. a aistriú agus (b) trí dhaoine le Gaeilge a fhostú in eagraíochtaí stáit. Aithníonn an Comhaontas Glas gurb é (b) an bealach is éifeachtaí, ó thaobh teanga agus costais, chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar ach gur ghá dul i muintín (a) go dtí go bhfostófar dóthain oibríthe dátheangacha. Chun a chinntiú go mbeidh ardchaighdeán Gaeilge scríofa in aon ábhar aistrithe, iarrann an Comhaontas Glas ar eagraíochtaí stáit gan úsáid a bhaint as aistritheoirí nach bhfuil séala oifigiúil Fhoras na Gaeilge acu (eolas breise ar fáil ag [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie)).

*c. An Stát agus Earnáil na Gaeilge:*

- I bhfianaise an taighde ar earnáil dheonach na Gaeilge, is mian leis an gComhaontas Glas go ndéanfar athbhreithniú cuimsitheach ar struchtúr na hearnála agus go scrúdófar an gaol (idir mhaoiniú agus dhualgais) idir Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus na heagraíochtaí deonacha Gaeilge ar fud na tíre ar mhaithe leis an airgead a chaitheann an Státchiste ar chur chun na Gaeilge a chaitheamh ar bhealach níos éifeachtaí, níos comhordaithe agus níos spriocdhírthe.

### 3. An Ghaeilge i gCúrsaí Oideachais

#### a. An Ghaeilge sa Chóras Scoilíochta:

- Is mian leis an gComhaontas Glas go ndéanfar athbhreithniú cuimsitheach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus iarbhunleibhéal, sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann (féach chomh maith Cuid K(9) den Pholasáí Oideachais). Ba cheart don ghníomhaireacht trasteorann, Foras na Gaeilge (a bhfuil freagracht reachtúil ar leith orthu i leith an oideachais Ghaeilge), an t-athbhreithniú seo a choimisiúnú, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ó dheas agus an CCEA sa Tuaisceart (NI Council for Curriculum, Examinations and Assessment) maraon le páirtithe leasmhara eile.
- Go dtí go léireodh an t-athbhreithniú thuas gur ghá a mhalairt a dhéanamh, tacaíonn an Comhaontas Glas le feachtas Chonradh na Gaeilge maidir le feabhsú mhúineadh na Gaeilge (sa Phoblacht amháin), ar an gcoinníoll go rachfaí i gcomhar le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun a dtacaíocht a fháil:
  - go múinfí ábhar amháin sa bhreis ar an nGaeilge trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile. Dhéanfaí píolótú air seo i scoileanna nach Gaelscoileanna iad agus leathnófaí é chuig na scoileanna ar fad de réir a chéile;
  - go bhforbrófaí dhá shiollabas Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal: ‘Teanga na Gaeilge’ agus ‘Litríocht na Gaeilge’. I scrúduithe an chúrsa ‘Teanga na Gaeilge’, dhéanfaí tástáil ar chumas labhartha, tuisceana, scríofa agus léitheoireachta an dalta, de réir Chomh-Chreat na hEorpa d’Fhoghlaim Teangacha. Chuirfí an cúrsa ‘Litríocht na Gaeilge’ ar fáil do dhaltaí a bhfuil cumas Gaeilge ar leith acu.
- Cé go n-aithníonn an Comhaontas Glas tábhacht na scileanna labhartha, i bhfianaise na bhfadhbanna le litearthacht sa Ghaeilge, is mian leis go dtabharfadh an córas oideachais i ngach cuid d’Éirinn an aird chéanna ar na scileanna eile teanga: an léitheoireacht, an scríobh agus an tuiscint.
- Bunaithe ar an taighde idirnáisiúnta ar shealbhú teangacha, tacaíonn an Comhaontas Glas go láidir leis an tumaoidéachas Gaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais in Éirinn, thuaidh agus theas, an luath-thumaoidéachas san áireamh. Is mian leis an bpáirtí go ndéanfar breis taighde ar an tumaoidéachas in Éirinn, faoi mar atá molta ag Gaelscoileanna, Foras na Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilíochta.

### *b. Oiliúint Múinteoirí*

- Iarrann an Comhaontas Glas go gcuirfear plean do chúrsaí inseirbhíse Gaeilge do mhúinteoirí bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil ar bun. San áireamh sa phlean sin, bheadh cúrsaí athnuachana Gaeilge agus modheolaíocht don Ghaeilge sna Gaelscoileanna, i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna eile.

### *c. Seirbhísí Oideachasúla Eile*

- Iarrann an Comhaontas Glas ar an rialtas a chinntiú go mbunófar gan a thuilleadh moille an Lárionad Náisiúnta don Oideachas Gaeltachta i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Chorcaí, faoi mar atá geallta le fada (féach 5 thíos).
- Is mian leis an gComhaontas Glas go gcinnteofar seirbhísí i nGaeilge do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus go bhfreastalófar ar a gcuid sainriachtanas teanga, go háirithe sa Ghaeltacht (féach 5 thíos).
- Ba chóir go mbunófaí clubanna obair bhaile do dhéagóirí le Gaeilge nó atá ag foghlaim na Gaeilge sna hIonaid Ghaeilge i gceantair uirbeacha éagsúla ar fud na tíre (féach 6 thíos).
- Iarrann an páirtí go mbunófar córas náisiúnta scoláireachtaí chun cabhrú le daoine óga freastal ar choláistí samhraidh. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta a dhéanfadh riaradh ar a leithéid.
- Aithníonn an Comhaontas Glas gur mian le líon mór daoine fásta in Éirinn a gcuid Gaeilge a athnuachan. Bunaithe ar mhúnla shéala na n-aistritheoirí, is mian leis an gComhaontas Glas go ndéanfadh Foras na Gaeilge, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara amhail Ionad na dTeangacha in Ollscoil Mhá Nuad, creidiúnú ar chóras náisiúnta aosoideachais ionas a chinntiú go gcuirfear cúrsaí Gaeilge den chéad scoth ar fáil do dhaoine fásta ar fud na tíre.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar an Roinn Airgeadais dreasachtaí cánach a cheadú do dhaoine fásta a thabharfadh faoi fhoghlaim na Gaeilge sa chóras aosoideachais agus do dhaoine fásta a bheadh ag iarraidh seal a chaitheamh sa Ghaeltacht.

## 4. Na Meáin Chumarsáide

### a. Teilifís:

- Tacaíonn an Comhaontas Glas le méadú ar dheontas TG4 agus áitíonn an páirtí gur cheart don rialtas méadú a cheadú go leanúnach. Ba chóir go mbeadh bonn airgeadais TG4 treoirnasctha.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar TG4 breis clár d'fhoghlaimoirí Gaeilge a chraoladh. D'fhéadfaí cláracha d'fhoghlaimoirí a craoladh cheana a athchraoladh.
- Aithníonn an Comhaontas Glas nach leor buiséad TG4 chun seirbhís iomlán teilifíse i nGaeilge a chur ar fáil agus gur gá dó, dá réir sin, cláir Bhéarla a chraoladh. Ionas éiteas Gaeilge an stáisiúin a chaomhnú, áfach, iarrann an Comhaontas Glas ar TG4 cuid dá hacmhainní breise a úsáid chun fotheidil i nGaeilge a chur ar fáil mar rogha ar oiread clár agus is féidir agus polasaí Gaeilge a aontú agus a chur i bhfeidhm, faoi mar a dhéanann S4C sa Bhreatain Bheag.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar BBC Tuaisceart Éireann a chinntiú go gcuirfear le líon na gclár teilifíse Gaeilge.

### b. Seirbhísí Eile:

- Aithníonn an Comhaontas Glas tábhacht RTÉ Raidió na Gaeltachta do phobal na Gaeilge, in Éirinn agus thar lear. Iarrann an Comhaontas Glas go mbeidh bonn airgeadais RnaG treoirnasctha.
- Tacaíonn an Comhaontas Glas le polasaí craolacháin a chinnteoidh go gcrálfar méid réasúnta Gaeilge ar gach craoltóir poiblí agus príobháideach sa Phoblacht agus go gcuirfear leis an méid Gaeilge a chraolann BBC Tuaisceart Éireann chomh maith le seirbhísí eile. Is mian leis an gComhaontas Glas go n-athbhunófar an tAonad Gaeilge laistigh de Choimisiún Craolacháin na hÉireann a dhéanfadh athbhreithniú ar líon, ar chineál agus ar chaighdeán na gclár Gaeilge ar na stáisiúin raidió agus teilifíse ar fad chun soláthar leordhóthanach a chinntiú (sa Phoblacht amháin).

## 5. An Ghaeilge sa Phobal – An Ghaeltacht

- De dhaonra iomlán na Gaeltachta (96,628), tá 66,238 duine nó 68.5 faoin gcéad, ina gcainteoirí Gaeilge. Ní úsáideann ach 23,175 duine, nó 24.0 faoin gcéad de dhaonra na Gaeltachta, an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais (Daonáireamh 2011). Tá an Ghaeilge fós ina teanga phobail in áiteanna: iarthuaisceart Dhún na nGall (timpeall Ghaoth Dobhair); Conamara Theas (ón Spidéal go Carna); Corca Dhuibhne (siar ón Daingean) agus Oileáin Árann. Meastar go bhfuil tuairim is 20,000 cainteoir Gaeilge ina gcónaí sna ceantair sin ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga an phobail sna réimsí sóisialta ar fad, beagnach, agus idir 5,000 agus 10,000 cainteoir Gaeilge ina gcónaí i gceantair ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid ag sciar suntasach den phobal agus i gcuid de na réimsí sóisialta.
- Tá baol láidir ann go bhfaighidh an Ghaeilge bás mar theanga phobail na Gaeltachta a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, ar an mbealach céanna a bhfuil athrú aeráide arna spreagadh ag astaíochtaí CO<sub>2</sub> ag bagairt ar an timpeallacht fhisiciúil ina mairimid. Tá plan éigeandála tárrthála don Ghaeltacht riachtanach chun chun i gcoinne chreimeadh leanúnach na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil sí fós in úsáid. Dearbhaíonn an Comhaontas Glas arís gur argóint ‘ghlas’ í seo agus nach féidir cosaint na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh a scarúint ó chosaint na timpeallachta.
- Fáiltíonn an Comhaontas Glas roimh na moltaí iomadúla a rinneadh sa *Staideár Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* agus iarrann go gcuirfead i bhfeidhm iad. Iarrann an páirtí ar an rialtas aird ar leith a thabhairt ar na moltaí maidir le Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Seirbhísí don Óige, i bhfianaise thábhacht na hóige i gcaomhnú teanga.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar an rialtas feidhm a thabhairt do na leasuithe reachtúla a mholann siad ionas go gcruthófar trí chatagóir Gaeltachta feasta: A, B agus C, de réir úsáid laethúil na Gaeilge sna ceantair éagsúla. Is ceart go ndíreofaí aird ar leith ar na ceantair sin a bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid go rialta ag an gcuid is mó den phobal. Níor cheart go mbeadh stádas Gaeltachta ag ceantar nach sásaíonn critéir theangeolaíochta áirithe: go mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar theanga chumarsáide laistigh den phobal i dteaghlaigh, i scoileanna, i ngréasáin shóisialta agus in institiúidí pobail eile.

- Tacaíonn an Comhaontas Glas leis an éileamh go mbunófar Bord Oideachais don Ghaeltacht a bheadh freagrach as gach leibhéal oideachais ón réamhscolaíocht go dtí an iarbhunscolaíocht. Moltar go dtabharfaí na cumhachtaí céanna dó agus atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna i dtaca le fostú múinteoirí, oiliúint inseirbhíse agus i riaradh agus bainistíocht scoileanna. Moltar go gcuirfear cúram an Oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ar Aire Stáit de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
- Ba cheart do scoileanna Gaeltachta a chinntiú go dtabharfaí breis tuisceana do dhaltaí Gaeltachta ar a gcanúint féin, chomh maith le heolas cuí ar an gCaighdeán Oifigiúil. Bheadh ról ag an mBord Oideachais don Ghaeltacht i bhfeidhmiú polasaí mar sin.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar an rialtas a chinntiú go mbunófar gan a thuilleadh moille an Lárionad Náisiúnta don Oideachas Gaeltachta i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Chorcaí, faoi mar atá geallta le fada (féach 3 thuas).
- Iarrann an Comhaontas Glas go mbunófar rannóg ar leith laistigh d'Údarás na Gaeltachta a bheadh freagrach as cúrsaí tithíochta sa Ghaeltacht agus a chinnteodh go gcosnófaí an Ghaeilge.
- Is mian leis an gComhaontas Glas go gcuirfear i gcrích gan mhoill an leasú reachtaíochta is gá chun go leathnófar cúraimí Údarás na Gaeltachta ón tionsclú amháin go cúraimí sóisialta, cultúrtha agus teanga. Tá an t-éileamh seo ag teacht le héileamh phobal na Gaeltachta le fada an lá agus caithfidh an leasú sin a bheith bunaithe ar chomhairliúchán le pobal na Gaeltacht/Gaeilge agus a mianta siúd. Ní chreideann an Comhaontas Glas gur baineadh seo amach le hAcht na Gaeltachta, 2012, agus aontaíonn an páirtí le míshástacht phobal na Gaeilge agus pleanálaithe teanga leis an reachtaíocht áirithe seo.
- Moltar go mbunófar coláiste oiliúna do mhúinteoirí sa Ghaeltacht, a d'fhreastalódh ar chainteoirí líofa Gaeilge agus a reáchtáilfí trí mheán na Gaeilge. Dhéanfaí oiliúint ar bhunmhúinteoirí a rachadh ag obair i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna.
- Moltar go gcuirfear acmhainní ar fáil chun cultúr óige trí Ghaeilge a fhorbairt sa Ghaeltacht agus i gcoláistí tríú leibhéal.



## 6. An Ghaeilge sa Phobal – Lasmuigh den Ghaeltacht

- Aithníonn an Comhaontas Glas an obair cheannródaíoch atá déanta ag earnáil dheonach na Gaeilge maidir le forbairt na Gaeilge sa phobal lasmuigh den Ghaeltacht.
- Chun a chinntiú gur féidir freastal ar an líon is mó daoine ar spéis leo cur lena n-eolas ar an nGaeilge agus/nó seirbhísí a fáil i nGaeilge, molann an Comhaontas Glas go mbunófaí gréasán náisiúnta d'Ionaid Ghaeilge i ngach ceantar uirbeach in Éirinn a bhfuil líon suntasach cainteoirí Gaeilge ann, de réir an Daonáirimh (An Phoblacht agus Tuaisceart Éireann araon). Chuirfí réimse leathan seirbhísí Gaeilge ar fáil i ngach ceann de na hionaid seo: feighlíocht linbh; seirbhísí aistriúcháin; comhairle faoi úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó; cúrsaí foghlama Gaeilge; clubanna obair bhaile srl. Tá an córas seo ar fáil sa Bhreatain Bheag cheana, Mentrau laith ('Fiontair Teanga'), agus moladh a mhacasamhail d'Éirinn cheana.

## 7. An Ghaeilge sa Phobal: Na hInimircigh

- Creideann an Comhaontas Glas gur cheart don Ghaeilge a bheith ar fáil do chách, beag beann ar chine, ar chúlra eitneach ná ar náisiúnacht. Ní mian leis an gComhaontas Glas go n-úsáidfí an Ghaeilge mar uirlis chiníoch i gcoinne na n-inimircigh agus dá bhrí sin, tá an páirtí ag iarraidh go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn go dearfach i measc an phobail sin.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar na heagraíochtaí Gaeilge Oifigeach a cheapadh chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na n-inimircigh.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar an rialtas a chinntiú go gcuirfear ranganna Gaeilge ar fáil saor in aisce d'inimircigh atá á n-iarraidh, ar aon dul leis na ranganna Béarla atá ar fáil faoi láthair.
- Tacaíonn an Comhaontas Glas le leabhráin ilteangacha, i nGaeilge agus i dteangacha na n-inimircigh, chun go mbeidh teacht ag an bpobal inimircigh ar nathanna Gaeilge.
- Iarrann an Comhaontas Glas ar an Roinn Dlí agus Cirt a chinntiú gur féidir le haon duine atá ag iarraidh cur isteach ar shaoránacht na hÉireann scrúdú cumais a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla agus nach mbeidh aon stró sa bhreis ar an té a roghnódh an scrúdú Gaeilge.

## **8. An Ghaeilge agus Teicneolaíocht na Faisnéise**

- Aithníonn an Comhaontas Glas ról lárnach theicneolaíocht na faisnéise i sealbhú na Gaeilge don ghlúin seo.
- Aithníonn an Comhaontas Glas go bhfuil an tIdirlíon chomh tábhachtach leis an teilifís mar mheán agus gur uirlis an-tábhachtach é d'fhorbairt na Gaeilge amach anseo.
- Tacaíonn an Comhaontas Glas leis an obair atá ar bun ag Foras na Gaeilge chun teicneolaíocht faisnéise na Gaeilge a fhorbairt.

## **9. An Ghaeilge san Aontas Eorpach**

- Tacaíonn an Comhaontas Glas le stádas feabhsaithe na Gaeilge mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, agus saothróidh sé chun go gcuirfear an stádas sin i bhfeidhm go hiomlán agus go gcuirfear deireadh leis an maolú atá ar an stádas sin faoi láthair. Cabhróidh sé le haon chlár oideachais nó oiliúna a bhfuil sé d'aidhm aige cur le soláthar aistritheoirí agus ateangairí oilte. Cuireann an stádas seo deiseanna breise maidir le tionscnaimh oideachasúla agus chultúrtha ar fáil don Ghaeilge san Eoraip, agus cuireann sé le deiseanna fostaíochta d'Éireannaigh atá ag lorg oibre sna hinstiúidí Eorpacha. Fáiltíonn an Comhaontas Glas roimh na deiseanna nua sin.

## **10. An Ghaeilge sa Chomhaontas Glas féin**

- Tá Chairt Teanga curtha i bhfeidhm ag an gComhaontas Glas taobh istigh dár bpáirtí féin d'fhonn ár ndáiríreacht i leith chothú na Gaeilge agus an dátheangachais a léiriú. Seo doiciméad a chuireann síos ar bhearta ar leith a dhéanfar chun úsáid na Gaeilge a neartú sa pháirtí. Tá an Chairt seo ar taispeáint ar shuíomh gréasáin an pháirtí féin agus glacaimid le haiseolas leanúnach ón bpobal chun í a fhorbairt agus a fheabhsú.